# Beartas Comhshaoil Pharlaimint na hEorpa

Aithníonn Parlaimint na hEorpa an fhreagracht atá uirthi as rannchuidiú go dearfach leis an bhforbairt inbhuanaithe mar chuspóir fadtéarmach. Comhlíonann an Pharlaimint an fhreagracht sin ina ról polaitiúil agus reachtach, ach freisin sa tslí ina n-oibríonn sí agus sna cinntí a dhéanann sí ó lá go chéile.

In 2007, chinn Parlaimint na hEorpa, dá bhrí sin, go gcuirfeadh a lucht riaracháin tús le caighdeán EMAS (Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht) a chur i bhfeidhm, agus é mar aidhm leis sin a torthaí ó thaobh an chomhshaoil de a fheabhsú go leanúnach maidir le gníomhaíochtaí, le táirgí agus le seirbhísí.

Déantar Beartas Comhshaoil Pharlaimint na hEorpa a chur chun feidhme trína Córas Bainistíochta Comhshaoil (CBC). Cumhdaíonn an Beartas Comhshaoil agus an Córas Bainistíochta Comhshaoil príomhghnéithe comhshaoil na Parlaiminte, go díreach agus go hindíreach araon, chomh maith lena dtionchar ar na láithreacha lena mbaineann, agus is féidir cuspóirí comhfhreagracha a bhunú dá mbarr.

Saincheist inghlactha agus fhorleathan is ea an spéis a léirítear i bhfeidhmíocht chomhshaoil eagraíochtaí, agus tá an tábhacht sin atá leis ag dul i méid go leanúnach. Sainchuid d’eagraíochtaí rathúla is ea straitéis inbhuanaitheachta chorparáideach réamhghníomhach chun dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil. Eascraíonn réimse leathan sochar as clárú EMAS, lena n-áirítear costais laghdaithe d’acmhainní agus do bhainistiú dramhaíola, íoslaghdú riosca, comhlíonadh rialála agus caidreamh níos fearr le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha.

Leis seo, déanann Parlaimint na hEorpa na nithe seo a leanas:

- a gealltanas a athdhearbhú maidir lena clárú EMAS a chothabháil agus a cur chuige i dtaobh feabhsú leanúnach ó thaobh an chomhshaoil de, d’fhonn inbhuanaitheacht chomhshaoil ina gníomhaíochtaí riaracháin uile a bhaint amach;

- feidhmíocht mhaith fhoriomlán cheana an CBC i bParlaimint na hEorpa, mar a léiríodh le gnóthú chuspóirí an phríomhtháscaire feidhmíochta comhshaoil (KPI) don spriocthréimhse roimhe sin, a chur i bhfáth, agus béim a leagan ar an ngá atá le hiarrachtaí a neartú tuilleadh, go háirithe i réimse na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa;

- go bhfuil sé d’aidhm aici a hiarrachtaí a neartú chun a cuspóirí meántéarmacha agus fadtéarmacha nuacheaptha maidir leis an bpríomhtháscaire feidhmíochta comhshaoil a bhaint amach sna réimsí seo a leanas: astaíochtaí gás ceaptha teasa, tomhaltas leictreachais, gás, ola teasa, agus tomhaltas téimh ceantair, tomhaltas páipéir, tomhaltas uisce, táirgeadh dramhaíola, athchúrsáil dramhaíola, fuinneamh in-athnuaite, dramhaíl bia, soláthar poiblí glas, agus soghluaisteacht inbhuanaithe;

- a geallúint lena áirithiú go ndéanfar na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar síos le reachtaíocht áitiúil, le reachtaíocht réigiúnach, le reachtaíocht náisiúnta, mar aon le reachtaíocht AE a chomhlíonadh;

- a geallúint go ndéanfar bearta coisctheacha a chur chun feidhme chun a feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú tuilleadh agus chun a áirithiú go ndéanfar cúinsí a bhaineann leis an gcomhshaol agus le critéir inbhuanaitheachta a chomhtháthú ina gníomhaíochtaí riaracháin go léir;

- a dícheall acmhainní leordhóthanacha a sholáthar dá CBC agus do ghníomhaíochtaí lena mbaineann, ag aithint di gur cheart go mbeadh forbairt agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí

aonair sonracha faoi réir measúnú ó thaobh costais, indéantacht theicniúil agus infhaighteacht acmhainní leordhóthanacha de;

- a gheallúint go ndéanfar critéir dhochta chomhshaoil agus éifeachtúlachta fuinnimh a chur san áireamh agus a chur i bhfeidhm ina beartais tógála agus ina tionscadail tógála uile;

- a dícheall straitéis bainistithe dramhaíola a bhunú lena socrófar ordú tosaíochta do roghanna maidir le dramhaíl a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear moltaí i dtaca le cosc, le hathúsáid, le hathchúrsáil, le fuinneamh, le haisghabháil agus le diúscairt;

- go bhfuil sé d'aidhm aici scrúdú a dhéanamh ar indéantacht phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm sa phleanáil a dhéanfar amach anseo i gcás bhonneagar na Parlaiminte, bainistiú stoc, agus i gcás ceannacháin earraí agus seirbhísí a dhéanfar amach anseo, *inter alia*, trí chritéir ábhartha an gheilleagair chiorclaigh a bhreithniú, amhail dearadh cliste, athúsáid ábhar agus in-athchúrsáilteacht;

- iompar freagrach agus iomchuí a mholadh trí oiliúint, trí fhaisnéis a sholáthar agus trí fheasacht a mhéadú i measc a foirne go léir, ach freisin i measc a Feisirí agus i measc a gcúntóirí i ndáil leis na gnéithe sin dá ngníomhaíochtaí atá ábhartha do EMAS;

- a gheallúint go ndéanfar dea-chleachtais a thabhairt isteach maidir lena príomhthionchair ar an gcomhshaol, go háirithe astaíochtaí gás ceaptha teasa agus bainistiú dramhaíola chomh maith le húsáid éifeachtúil fuinnimh, uisce agus páipéir;

- a gheallúint go ndéanfar dea-chleachtais a chur i bhfeidhm i ngníomhaíochtaí a bhaineann lena CBC, trí astaíochtaí carbóin a fhritháireamh más iomchuí, lena n-áirítear tionscadail chomhpháirteacha fritháirimh fhéideartha le hinstitiúidí agus le comhlachtaí eile de chuid AE, imeachtaí glasaithe arna n-eagrú i bParlaimint na hEorpa agus ag Parlaimint na hEorpa, agus, aon uair is féidir é, trí rannchuidiú le leathnú agus le cáilíocht mhéadaithe na limistéar uirbeach glas;

- go bhfuil sé d'aidhm aici go rannchuideoidh a gníomhaíochtaí CBC leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe reatha, arna leagan síos ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, a bhaint amach;

- a dícheall a cur chuige maidir le soláthar poiblí inbhuanaithe a neartú tuilleadh mar phríomhuirlis i mbainistíocht chomhshaoil trí spriocanna chun conarthaí a aicmiú a chur i bhfeidhm, trí chur chun feidhme dea-chleachtas i dtaca le soláthar poiblí inbhuanaithe a chumasc le réitigh ionchasacha agus nuálacha ar sholáthar poiblí inbhuanaithe agus áird á tabhairt ar an tsainiúlacht a bhaineann le gach margadh;

- go bhfuil sé d'aidhm aici an úsáid a bhainfear as iompar inbhuanaithe le haghaidh comaitéireacht laethúil, misean agus taistil eile a bhaineann lena gníomhaíochtaí riaracháin agus polaitiúla a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú.

Geallann Parlaimint na hEorpa an Beartas Comhshaoil seo a thuairisciú go mion, a chur chun feidhme agus a shaothrú, é a chur in iúl d'Feisirí, don fhoireann, do chonraitheoirí agus d'aon pháirtithe leasmhara eile agus é a chur ar fáil don phobal.